

N22BBM

Seo an scéal faoi chuairt Ted ar an láithreán ar an 1 Meitheamh, 2020.



Cuireann *Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta* i gCorcaigh cláir chónaitheacha agus cúram lae ar fáil do dhaoine fásta a bhfuil míchumas intleachtúil agus uathachas orthu chomh maith le seirbhísí faoisimh agus seirbhísí oideachais do pháistí a bhfuil míchumas intleachtúil agus uathachas orthu.

Tá siad tar éis bheith i dteagmháil leis an bhfoireann ag *Wm. O'Brien Crane Hire* chun cabhrú leo le hiarratas speisialta.

Tá fear faoina gcúram darbh ainm Ted atá an-tógtha le innealra agus feithiclí. Tá Ted neamhbhriathartha agus tá míchumas intleachtúil measartha air agus uathachas ach tá sé ábalta ar scríobh. Bíonn Ted de shíor ag iarraidh ar a gcúramóirí léaráidí a tharrac dó de thochaltóirí, tarracóirí, leoraithe .... agus crainn tógála!

De thoradh Covid-19 agus na srianta a cuireadh ar na seirbhísí, ba ghá mórán de na himeachtaí a chur ar ceall. Tá cónaí ar dheartháir Ted sa Ríocht Aontaithe agus ní raibh ar a chumas é a fheiscint ón Nollaig seo chaite; tá a thuismitheoirí imithe ar shlí na fírinne agus tá a leathchúpla i gcúram cónaithe chomh maith.

Tá an bhliain seo tar éis bheith an-dian ar Ted agus, mar iarracht ar rudaí a fheabhsú beagán dó, trí rud éigin a thabhairt dó le bheith ag súil leis, chuir cúramóirí Ted ceist an bhféadfaí cuairt a thabhairt ar *Wm. O'Brien Crane Hire* go bhféadfadh sé roinnt chrainn tógála agus innealra a fheiscint dó féin?

Cuireadh ceist ar POF William O'Brien don chead seo agus tugadh an chead sin dó.

Thug Ted, i dteannta a chúramóir, cuairt ar láthair *Wm. O'Brien Crane Hire* le cabhair na foirne ann, agus fuair Ted a ghuí.

De thoradh ar an rath a bhí leis an gcuairt ar *Wm. O'Brien Crane Hire*, cinneadh ar thuras eile a eagrú, an uair seo turas ar laithreán forbartha bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha. Is í June Walton ó *Jons Civil Engineering/John Cradock JV*, an príomh-chonraitheoirí, a dhein áisitheoireacht ar chuairt Ted ar an 01 Meitheamh 2021.

**Aiseolas a fuarthas ón té a eagraigh cuairt Ted ar an laithreán:**

“Díreach chun go raibh míle maith agaibh a rá leis an bhfoireann ar fad ag Jons as an t-am a thógaint agus ligint do Ted cuairt a thabhairt agus am a chaitheamh le rud a bhfuil grá an-mhór agus paisean aige dó. Deir na Cúramóirí agus foireann *Bhráithre na Carthanachta*, a thugann aire do Ted, gur tháinig feabhas mór air tar éis na cuairte. Bíonn sé go sona sásta anois ag tarrac léaráidí den treallamh ar fad a raibh de chneastacht ionaibh ligint dó a fheiscint.”

Táimid ar fad ag *Jons Civil Engineering/John Cradock JV* thar a bheith sásta a chlos go raibh rath chomh mór ar chuairt Ted agus guímid gach raith air sa todhchaí.



## **The Story of Ted's visit on 1<sup>st</sup> June 2021**

The Brothers of Charity Services in Cork provide residential and day service programmes for adults with learning disabilities and autism, as well as respite and educational services for children with intellectual disabilities and autism.

They have previously reached out to the Wm. O'Brien Crane Hire team to help with a special request.

In their care they have a man called Ted who is absolutely besotted with machinery and vehicles. Ted is non-verbal and has moderate intellectual disability and autism but he can write. Ted is always asking his carers to draw him diggers, tractors, lorries....and cranes! Due to Covid and the restrictions placed upon the services, a lot of activities have had to be suspended. Ted's brother lives in the UK and he hasn't been able to see him since last Christmas; his parents are both dead and his twin is also in residential care.

This year has been exceptionally difficult for Ted and, in an effort to try and cheer him up, by giving him something to look forward to, Ted's carers had asked if it would be possible to arrange a visit to Wm. O'Brien Crane Hire so that he could see some cranes and machinery up close?

CEO William O'Brien was approached for permission and the answer was yes!

Ted, along with his carer, visited the Wm. O'Brien Crane Hire premises and with the assistance of their team, Ted's wish had come true.

Because of the success of his trip to Wm. O'Brien Crane Hire, it was decided to arrange another trip, this time to the N22 Baile Bhuirne to Macroom Road Development site. June Walton of Jons Civil Engineering/John Cradock JV, the main contractor, facilitated Ted's site visit on 1<sup>st</sup> June last.

We have included some pictures from Ted's site visit, which he really enjoyed:

### **Feedback received from the organiser of Ted's site visit:**

"Just to say a big thank you to the Jons team for taking the time to allow Ted to visit and spend time with what he has a real love and passion for. The Carers and staff of the Brothers of Charity, who look after Ted, have seen a major improvement in him after his visit. He is now happily spending time drawing all the equipment that you so kindly allowed him to see."

All of us at Jons Civil Engineering/John Cradock JV are delighted to hear that Ted's visit was such a success and we wish him all the best for the future.

